



*Cuideachta Phort na
Sionainne agus Fhainge*

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

**(Comhlacht cuideachta faoi theorainn
scaireanna)
agus fochuideachta gnóthas**

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitís Chomhdhlúite
Airgeadais**

Bliain dár críoch 31ú Nollaig, 2012

Léargas ar Úsáid Fuinnimh in 2012

Tá tomhaltóirí éagsúla fuinnimh ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge atá mar chuid lárnach de ghnó an chalafoirt, amhail soilsiú poiblí, áiseanna loingseoireachta, foirgnimh oifige, soithigh mara, innealra trom agus feithiclí bóthair éagsúla.

In 2012, d'ídigh Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge 3,091 MWh fuinnimh, mar seo a leanas:

- 768 MWh leictreachais;
- 2,323 MWh breosla iontaise;

Gníomhartha in 2012

In 2012 leanann Cuideachta Phost na Sionainne agus Fhainge réimse tionscnamh a chomhlíonadh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Uasghrádú ar áiseanna loingseoireachta go soilse LED suthaineacha ar chumhacht íseal
- Uasghrádú chodanna den soilsiú poiblí go soilse níos éifeachtúla

Gníomhartha atá Pleanáilte do 2013

In 2013 agus amach anseo, tá sé i gceist ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Leanúint ag cur córais soilse suthaineacha agus ar chumhacht íseal i bhfeidhm inár saoráidí
- Leanúint le faireachán agus feabhsú ar ídiú fuinnimh ár bhfoirgneamh
- Leanúint le athbhreithniú ar ár bpríomh-thomhaltóirí breoslaí iontaise

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuairisc Bhliantuil agus Ráitís Airgeadais Chomhdhlúite 2012

Clár	Leathanach
Stiúrthoirí agus eolais eile	2
Tuairisc na Stiúrthoirí	3 - 5
Ráiteas an Chathaoirligh	6 - 8
Tuairisc Corparáideach Rialtais	9 - 10
Athbhreithniú Gnó agus Oibre	11 - 14
Tuairisc Neamhspleach na n-iniuchóirí	15 - 16
Polasaí Cuntasaíochta	17 - 18
Cuntas Chomhdhlúite Brabús agus Cailteanais	19
Ráiteas Chomhdhlúite do aitheantas iomlán Brabach agus Easnamh	20
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	21
Clár Comhardaithe an Chomhlachta	22
Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid	23 - 24
Notaí do na Ráitís Airgeadais	25 - 38

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge
(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas
Stiúrthóirí agus Eolas Eile

Bord

M. O'Coileáin (Chathaoirleach)
P. O'Cléirigh
M. O'Fionnmhacháin
C. O hAnraí
E. Mac Sheoinín
P. ó'Céitinn
I. ó 'Tresaigh

Rúnaí agus Oifig Cláraithe.

E. de Stainléigh
Oifig an Chaladh
Faing
Co. Luimní

Uimhir Cláraithe: 332414

Iniúcháirí Neamhspleach

Grant Thornton
Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Teach an Mhuilleann
Sráid Anraí
Luimneach

Bainistíocht

P. ó'Céitinn	Príomhfheidhmeannach
S. Carlton	Bainisteoir Seirbhísí Cuain
M. ó'Muireasa	Bainisteoir Trachtála
E. de Stainléigh	Stiúrthóir Airgeadais & Rúnaí

Dlíodóirí

Harrison O'Dowd
98 Sráid Anraí
Luimneach

Philip Lee (Dlíodóirí)
7-8 Ardán Wilton
Baile Átha Cliath 2

Matheson Ormsby Prentice
70 Cé Sir John Rogersons
Baile Átha Cliath 2

Connolly Sellors Geraghty
7 Sráid Glentworth
Luimneach

Baincéirí

Allied Irish Bank Plc
Príomhshráid
Faing
Co. Luimní

Banc na hEireann
125 Sráid Uí Chonaill
Luimneach

Rabobank Eireann Plc
Plás Charlemont
Baile Átha Cliath 2

Achtuire

Invesco Teo.
4 Banc an Dheisceart na Croise
Faiche na Croise
Corcaigh

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas**

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá pléisiúr ag na stiúrthóirí a tuarascáil bhliantúil a chuir isteach chuig na scairshealbhóirí chomh maith le Ráitéis Iniúchadh Comhdhlúite Airgeadais don bhliain dar críoch 31, mí na Nollag, 2012.

Cúram na Stiúrthóirí do na Ráitéis Airgeadais

Téastaíonn uaidh dlí na gcuideachtaí na hÉireann go h-ullmhóidh na stiúrthóirí ráitéis airgeadais i gcóir gach bhliain airgeadais rud a thugann tuairm cruinn agus fíor dúinn ar ghnó na gcomhlachtaí agus don ghrúpa chomh maith le brabús nó cailteanas an chomhlacht agus an ghrúpa don tréimhse ama sin. Nuair a bhíonn na ráitéis airgeadais á n-ullmhú acu, tá ar na stiúrthóirí:

- Beartais cuntasáiochta feiliúnach a roghnú agus iad a chuir i bhfeidhm go seasmhach.
- Breithiúnas a dhéanamh ar meastacháin atá ceart agus cóir.
- Ráitéis Airgeadais a ullmhú ar an mbun chúram mura féidir glacadh leis go bhfuil an comhlacht agus an grúpa chun leanacht ar aghaidh i ngnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair na cuntais a beith in eagar le nochtadh agus le cruinneas in aon am go bhfuil cúrsaí airgeadais an chomhlacht agus an ghrúpa agus chun ligeann dóibh go bhfuil na ráitéis airgeadais ullmhaithe i ngleic le caighdeán cuntasáiocht a ghlactar leis de ghnáth in Éirinn agus atá de réir Acht Comhlachtaí na hÉireann 1963 go dtí 2012, agus an Comhphobal Eorpach (Comhlachtaí: Grúpachuntas) Rialacháin, 1992. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní an chomhlacht agus an ghrúpa a chosaint chomh maith le céimeanna feiliúnach a thógáil as an chosaint agus ar lorgaireacht ar chaimiléireacht nó aon ghníomh mirialta eile.

Leabhair na gCuntas

Na céimeanna atá togtha ag na stiúrthóirí chun aontú daingean a bheith acu ó thaobh dualgais leabhair na gcuntas a choimeád tré córas agus gnáthamh agus tré fostaí éifeachtach a chuir ar fail. Coiméadtar leabhair na gcuntas ag Teach an Mhuileann, Faing, Co. Luimní.

Rialiú Corparáideach

Tá geall ar an gcomhlacht le cód cleachtadh do rialiú na Comhlachtaí Stáit. Tá iniuchóirí inmheánach fostaithe mar chuid den chúrsa. Tá tuarascáil ar leith ar rialiú corparáideach leagtha amach ar leathanaigh 9-10

Acht Íocaíocht Prás do Chuntaisí, 1997

Is é polasaí an chomhlacht agus an ghrúpa ná comhlíonadh de réir an dlí ó thaobh n-ábhair de réir na tearmaí atá leagtha síos in Acht Íocaíocht Prás de Chuntaisí, 1997.

Gníomhachtaí Prionsabail

Is é aidhm ghnó an ghrúpa ná cabhrú le gluaiseacht na n-earraí agus le eolas na freastalaí a thuairsciú thríd Inbhear na Sionainne. Le seo in intinn, cruthaíonn an grúpa bonneagar, áiseanna, seirbhísí agus loistín a theastaíonn chun freastal chun na hearraí a aistriú go héifeachtúil idir an iompar talamh agus farraige. Tá an t-airgeadas atá nascaithe le soláthar, na haiseanna forbartha ó tháillí soitheach agus earraí stíobheadóireacht, cíos agus seirbhísí coimhdeach atá tugtha.

Athbhreithniú an Ghnó

Tá athbhreithniú ar fheidhmiú an ghrúpa leagtha síos ar leathanach 11-14.

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Forbairt sa Todhchaí

Tá straitéis an ghrúpa dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí in Inbhear na Sionainne agus leanóidh sé seo ar aghaidh ins na blianta atá le teacht.

Eachtraí i ndiaidh Dháta an Chláir Chomhardaithe

D'fhaomh an Bord ceannach na talún ag Faing a ceannaíodh i ndiaidh conarthaí a cuireadh i gcrích go sásúil. Rinneadh an ceannach sin, ar ceannach straitéiseach é maidir le todhchaí phort Fhainge, a mhaoiniú ó acmhainní airgid thirim dílse.

Torthaí agus Díbhinní

Taispeánann an cuntas consólaithe torthaí an ghrúpa ar bhrabús agus cailteanas don bhliain atá caite ar leathanach 19.

Toisc nach bhfuil go leor cúlchistí indáilte ann, ní mholann na stiúrthóirí díbhinn a íoc.

Instealladh Chaipiteal

Sheas sé seo don difríocht a bhí idir luach glan na sóchmhainní tógtha ar lámh ar Lá Dílseacháin (17 Meán Fómhair 2000) agus ar an scairchaipiteal eisithe ag an am sin.

Thug na scairshealbhóirí síntiús do €3,809,214 do ghnáth scaireanna do €1.269738 an duine i rith an bhliain atá caite 2001.

Roinneadh scaireanna de réir an suim airgid i rith an bhliain a chríochnaigh 31 mí na Nollag 2002 mar seo a leanas: -

3,047,371 gnáth scaireanna ar €1.25 an ceann.

Ina bhreis bhí 11,246,513 gnáth scaireanna ar €1.25 an ceann eisithe amach as an instealladh chaipiteal mar a bhí ar 31 mí na Nollag 2001.

Stiúrthóirí

Tá aimneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí ag am ar bith i rith an bhliain dár chríoch 31 Nollag 2012 luaighte thíos. Mura bhfuil tugtha le fios, ciallaíonn sé gur oibrigh siad mar stiúrthóir don bhliain ar fad.

- M. ó'Coiléain
- P. ó'Céitinn
- P. ó'Cléirigh – ceaptha 5ú Mí na Nollaig
- M. ó'Fionnmhacháin – ceaptha 5ú Aibreán
- C. ó hAnraí - ceaptha 5ú Aibreán
- E. Mac Sheoinín – athceaptha 16ú Eanáir
- P. ó'Catháin - Eirí as 26ú Márta
- D. O' Neachtáin - Eirí as 26ú Márta
- C. ó hAnluain - Eirí as 26ú Márta
- G. ó' Riada - Eirí as 28ú Lúnasa
- I. ó 'Treasaigh - Eirí as 28ú Lúnasa & athceaptha 29ú Lúnasa

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

Suimeanna na Stiúrthóirí agus na Rúnaithe

Nil aon suim tairbheach ag na stiúrthóirí nó ag an runaí, ina measc suimeanna an chlann, i scair-chaipiteal an chomhlacht nó Comhlachtaí Fochuideachta ar 31 mí na Nollag 2011 agus 31 mí na Nollag 2012.

Taighde agus Forbairt

Tá an grúpa ceangailte le taighde agus le forbairt chun tairbhe an chustaiméir agus na timpeallachta.

Fochuideachtaí

An t-eolas a theastaíonn ó Rannóg 158 (4) do Acht na gComhlachtaí 1963 tá sé ar fáil i nóta 10 do na Ráitéis Airgeadais.

Iniúcháirí

Leanóidh na hIniúcháirí i Grant Thornton ar aghaidh agus fanfaidh siad in oifig de réir Rannóg 160 (2) do Acht na gComhlachtaí, 1963.

Ráitéis Airgeadais a chinntiú

Chéadaigh na stiúrthóirí na Ráitéis Airgeadais 8ú Aibrean 2013.

Thar ceann an Bhoird

Micheál O'Coileáin
Stiúrthóir

Éamonn Mac Sheoinín
Stiúrthóir

Dáta : 8ú Aibrean 2013

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas**

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil do Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a chur i láthair.

Gníomhaíochtaí

Ar bhonn oibríochtuil, bhí bliain rathúil arís ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a choinnigh a áit mar an gcuideachta poirt bulclasta is mó in Éirinn i gcomhthéacs tréachur tonnáiste in 2012. Bhí méadú 1.8% ar an tréachur lasta de 10.3 milliún tona ón mbliain roimhe sin. Cé gur tharla na méaduithe sa lasta ag críochfoirt aonúsáideora go príomha, le meánmhéadú 2.8% bliain ar bhliain, taifeadadh méadú 3.8% i dtonnáistí ag ár bpríomh-chríochfort lasta ghinearálta ag Faing a bhí coimeáda ag ceathrú dheiridh láidir go 2012. I ngeall ar laghduithe i mbreoslaí peitriam agus eitlíochta ag Luimneach agus ag an tSionainn faoi seach, tharla meánlaghdú foriomlán 2.7% ag críochfoirt ilúsáideora. Ba ionann an brabús oibriúcháin roimh chostais mhaoiniúcháin, brabús ar dhiúscairt sócmhainní agus cánachas agus €3.062 milliún arbh ollfheidhmíocht oibriúcháin é don Chuideachta agus méadú 6.6% i gcomparáid le 2011. I ndiaidh costais mhaoiniúcháin agus ghlanfháltais na diúscairthe, bhí brabús ag an gCuideachta a bhí inchurtha i leith an Scairshealbhóra de thart ar €2.025 milliún.

I measc na n-éachtaí a rinneadh in 2012 bhí:

- Corrlach oibriúcháin méadaithe ó 28.2% in 2011 go dtí 30.2%.
- Choinnigh an Chuideachta a fócas ar rialú costais le laghdú 3.1% ó 2011 agus 19.6% ó 2008.
- Cuireadh Fís Mháistirphlean Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge 2041 ar aghaidh go dtí an chéim comhairliúcháin scairshealbhóra dheiridh a rinneadh ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2013. I ndiaidh comhairliúcháin ghlac an Bord an Plean go foirmiúil agus lainseáladh é an 22 Feabhra 2013.
- Lean an Chuideachta ag cruthú dlúthchaidrimh le gníomhaireachtaí forbartha stáit agus gníomhaireachtaí bainteacha eile, mar a léirítear ina ról gníomhach ar an nGrúpa Stiúrtha do Chreatphlean Comhtháite na Sionainne. Ghlac an Grúpa an Plean an 19 Samhain 2012.
- D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí Clár Forbartha Caipitil na Cuideachta 2013-2022 ina sainiúitear na riachtanais chaipitil agus bhonneagair thar na tréimhse cibé acu riachtanais forbartha, athsholáthair nó athshlánúcháin (tráchtála agus neamhthráchtála) iad.
- Rinne an Chuideachta Beartas maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach a fhorbairt agus a fhoilsiú ina gcuirtear béim ar a tiomantas do chórais chomhaimseartha agus éifeachtacha a fhorbairt agus dea-Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach a aithint mar a bheith chomh tábhachtach céanna le príomhbhreithnithe gnó eile.
- Rinneadh dul chun cinn mór ó thaobh spriocanna an Phlean Straitéisigh 2012-2016 a bhaint amach.
- Tá an Chuideachta ar bord lena cuid oibre maidir leis an bPlean Straitéiseach 2013-2017 a fhaomhadh agus a chur faoi bhráid na Roinne Iompair agus na Roinne Airgeadais faoin spriocdháta.

Infheistíocht Chaipitiúil

Ba ionann na méideanna breise caipitiúla agus €0.638 milliún sa bhliain. Baineann an méid is suntasaí le huasghrádú Chóras VTS na cuideachta. Bhí an córas a bhí ann ceithre bliana dhéag d'aois agus i dtéarmaí trealaimh dá leithéid, bhí sé ag imeacht i léig go gasta. Rinneadh €335 míle a chaipitliú in 2012 chun uasghrádú iomlán a dhéanamh ar an gcóras agus chun na costais réachtála agus chothabhála a laghdú don todhchaí ag an am céanna. Dá dteipfí an infheistiú a dhéanamh bheadh ár gcumais VTS reatha iomarcach agus ní bheimis ábalta árthaí móra a ghlacadh le linn na dtréimhsí drochaimsire.

Rinneadh €180 míle a infheistiú sa bhonneagar, €125 míle de a bhain le hathdhearadh agus forbairt an Bhealaigh Isteach Thoir go Port na Fhainge.

Dearbhaím go gcloítear leis na treoirínte maidir le breithmheas agus bainistiú ar thograí caiteachais caipitil (Guidelines for the Appraisal and Management of Capital Expenditure Proposals).

Rialachas Corparáideach

I gCuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge in 2012, d'éirigh roinnt Stiúrthóirí as oifig, rinneadh ceapachán ar Stiúrthóirí nua agus athcheapachán ar bheirt Stiúrthóirí.

Glacann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge go hiomlán leis an *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*. Rinneadh athbhreithniú ar an gCuideachta go luath sa bhliain 2008, le hathbhreithnithe athleanúna a rinneadh in Eanáir 2009 agus arís i Feabhra 2010 i bhfianaise an Chóid Chleachtais leasaithe a eisíodh i Meitheamh 2009. Dearbhaíodh sna hathbhreithnithe sin go raibh an Chuideachta comhlíontach maidir le gach réimse den Chód amhail 2010. Rinne an Bhainistíocht athbhreithniú eile i gcomhair 2011 agus 2012 agus fuarthas go raibh an Chuideachta ag cloí leis an gCód i ngach cáil arís.

Bhuail Coiste Bainistíochta Riosca an Bhoird le chéile trí huair le linn 2012 faoi Chathaoirleacht Joe Treacy. Is é is aidhm leis an gCoiste Bainistíochta Riosca forbairt agus cur i bhfeidhm Bheartas Bainistíochta Riosca na cuideachta a chinntiú; chun a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun riosca a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú; chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta sin ag an bhfoireann bainistíochta, agus tuairisc a thabhairt don Bhoird de réir mar is gá. I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar bhallraíochtaí an Choiste, ceapadh Michael Finucane mar Chathaoirleach an Choiste ón 14 Nollaig 2012. Tá bainistíocht riosca ina mhír ar an gclár oibre fós ag gach Cruinniú Boird.

Tá sé d'aidhm ag an mBord, trí bhainistíocht feidhmiúcháin, córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a oibriú a mhaolódh rioscaí rithabhachtacha ó thaobh gnó agus cúrsaí airgeadais agus a bheidh ar chomhréir leis na treoirlínte maidir le rialachas corparáideach freisin. Rinne an Coiste Iniúchta, faoi chathaoirleacht an tUasail Eamon Mac Sheoinín.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair an lucht bainistíochta laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a fhorbraíonn agus a chothaíonn an chreatlach rialaithe airgeadais, trína chaighdeán dearbhaithe cáilíochta ISO9001; ar an Iniúchóir Inmheánach, ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar an Iniúchadh Inmheánach, agus ar nótaí tráchta ón Iniúchóir Seachtrach ina litir bhainistíochta. D'fheidhmigh Deloitte mar Iniúchóirí Inmheánacha ó 2008 go dtí 2012 agus chuir siad an clár comhaontaithe oibre ón bPlean Iniúcháireachta Inmheánaí 2012 i gcrích arna fhaomhadh ag an mBord an 16 Nollaig 2011 go hiomlán le linn na bliana. I ndiaidh próiseas soláthair rathúil, ceapadh PricewaterhouseCoopers mar Iniúchóirí Inmheánacha ar feadh tréimhse tosaigh trí bliana ó mhí na Nollag 2012.

Tá roinnt príomhchóras eile faoi réir iniúchta freisin. Ós rud é go bhfuil na córais agus na nósanna imeachta sin i bhfeidhm, dearbhaím go bhfuil an Chuideachta ag comhlíonadh na dTreoirlínte maidir le Rialachas Corparáideach agus na gCód Cleachtais a d'eisigh an Roinn.

Luach Saothair

Comhlíonann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge Treoirlínte an Rialtais faoi tháillí an Stiúrthóra a íoc agus beartas Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus pá gach fostaí de chuid Comhlacht Stáit. Tugadh íocaíocht bhónais don Phríomh-Oifigeach Feidhmiúchán le linn na bliana.

Comhlíonadh na Reachtaíochta

Ar feadh m'eolais agus mo thuairime comhlíonadh ceanglais reachtúla uile na Cuideachta.

Forbairt ó dheireadh na bliana i leith

D'fhaomh an Bord ceannach na talún ag Faing a ceannaíodh i ndiaidh conarthaí a cuireadh i gcrích go sásúil. Rinneadh an ceannach sin, ar ceannach straitéiseach é maidir le todhchaí phort Fhainge, a mhaoiniú ó acmhainní airgid thirim dílse.

An todhchaí

Chomh maith le ceannach na talún atá sonraithe thuas, tá sé beartaithe ag an gCuideachta €1.2 milliún a infheistiú i sócmhainní seasta in 2013. Tá an Bord tiomanta go hiomlán don fhís straitéiseach sin arna leagan amach i Máistirphlean na Sionainne agus Fhainge a sheachadadh agus chun na críche sin, beidh feidhmiú na bpríomh-tháirgí insóláthartha arna sainaitheint sa Phlean á chur i bhfeidhm aige.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-Stiúrthóirí as ucht a gcuid oibre leanúnaí thar ceann na cuideachta le linn na bliana. Cuirim fáilte roimh an Uasal Pádraig Cleary, an Uasal Michael Finucane agus an Uasal Conal Henry mar chomhaltaí úra an Bhoird agus roimh an Uasal Edmund Jennings agus an Uasal Joe Treacy a athcheapadh. Tugaim aitheantas le buíochas don obair a rinne iarchomhaltaí nár Stiúrthóirí iad a thuilleadh. Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann as a gcuid iarrachtaí agus a gcuid comhoibrithe le linn 2012 maidir le tacú leis an treoir atá á cur ar fáil ag an mBord.

Micheál O'Coileáin
Cathaoirleach
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge
8ú Aibreán 2013

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuarascail Corparáideach Rialtais

Freagraíocht do Choras Smachta Airgeadais Inmhéanach

Thar cheann Bord na Stiúrthóirí do Chomhlacht Calafort na Sionainne agus Fhainge, adhmaíonn ár freagrecht i gcóir córas éifeachtach do smachtú airgeadais inmhéanach a choimeád agus é a bheith ag feidhmiú.

Níl an córas in ann ach dearbhú reasúnta a thabhairt agus ní dearbhú iomlán go bhfuil a gcuid sochmhainní cosanta, idirbheart cinntithe agus taifead do na cuntais tógtha agus go mbeidh cosc le aon bhotún no aon mírialtaí nó fiú iad a bhrath thar am.

Príomh Imeachtaí Smachta

Tá céimeanna tógtha ag an mbord I rith na mbliana 31 Nollaig 2012 chun cinntiú go mbeidh smacht timpeallachta tógtha

- Ag sainmhíniú freagrachtaí an bhainistíochta tá pearsanra cáilithe fostaithe agus dualgais leithdháilte go cóir eatarthu agus leithscaradh déanta ar dhualgais nuair is féidir;
- Coras a leagann amach chun ghníomhaíochtaí a fhaireachán agus sochmhainní na hEagraíochta a chosaint;
- Córas cuimsitheach buiséadaithe a bheith ann le buiséad bliantúil a dhéanfaidh an Coiste Iniúchta athbhreithniú air agus a cheadóidh an Bord. Tuairisí míosúla á gcur ar fáil do Bhord ina ndéantar monatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne buiséid agus ina n-aithnítear aon éagsúlachtaí ábhartha a tharlaíonn.
- Traenáil a chur ar fáil do na Stiúrthóirí an Bhoird nua agus láithreach, ar a bpáirt agus a gcuid freagrachtaí;
- Tá an Chomhcoiste Iniúchoireachta gealta ar a bpáirt agus a gcuid freagrachtaí i rith an treimhse atá faoi athbhreithniú.
- Comhlíonadh an turasascáil Corparáideach Rialtais lastigh den Comhlacht.
- Beartas Bainistíochta Rioscaí a fhorbairt agus a bhunú le príomhríoscaí gnó a shonrú agus a mheas trí bhíthin :-
 - Náidúr na bpríomhríoscaí gnó atá ag bagairt ar an eagraíocht a aithint
 - Measúnú a dhéanamh ar thionchar an ollríosca dá dtarlódh sé agus an seans atá ann go dtarlódh sé (airgeadais tugtha san áireamh)
 - Na rialacháin atá curtha i bhfeidhm chun ollríosca a mhaolú a aithint
 - Athmheasúnú a dhéanamh ar na ríoscaí a thógtar ag cur san áireamh na rialacháin atá curtha i bhfeidhm le féachaint an bhfuil an bunríosca bainteach ar leibhéal atá inghlactha nó a d'fhéadfaí é a láimhseáil
 - Duine a ainmniú a bheadh freagrach as déileáil le gach ríosca a aithnítear
 - Straitéisí eile a aithint nuair is gá é sin chun príomhríoscaí a bhainistiú
 - Athnuachan rialta agus nuashonrú a dhéanamh ar phróiseas a bhaineann le Ríosca Gnó
 - Tá Bainistíocht Riosca ina bhuanmhír ar an gclár oibre ag gach cruinniú sceidealaithe de chuid an Bhoird.
- Nósanna imeachta a bhunú a ligean d'fhostaithe na Cuideachta tuairisciú a dhéanamh, ar bhonn rúnda, ar aon mhír sa tuairisciú airgeadais nó in aon ábhar eile. Scrúdófar a leithéid de chásanna go mion.
- Leanúint ar aghaidh ag deimhniú Caighdeán Dearbhaithe Cáilíochta ISO 9001:2008;

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Tuarascáil Corparáideach Rialtais (ar lean)

- Tá an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh tugtha do dhream seachtrach. Comhaontaítear obair na hiniúcháireachta inmheánaí tar éis dul i gcomhairle leis an lucht bainistíochta agus leis an gCoiste Iniúcháireachta. D'fheidhmigh Deloitte mar Iniúcháirí Inmheánacha ó 2008 go dtí 2012. D'aontaigh an Bord ar an gClár Iniúchta Inmheánaigh do 2012 16ú Nollaig 2011. Is de réir Cód Creatlaí um Shárchleachtais atá leagtha amach i gCód Cleachtais um Rialachas Eagraíochtaí Stáit a fheidhmíonn an soláthraí Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh agus tá sé freagrach go díreach don Choiste Iniúchta. Tá an tIniúcháir Inmheánach freagrach don Choiste Iniúchta agus cuireann sé a chuid oibre faoina bhráid. Léiríonn na tuairiscí Iniúchta Inmheánaigh a chuirtear faoi bhráid an Choiste Iniúchta tuairim an Iniúchára Inmheánaigh ar leordhóthanacht na rialuithe atá athbhreithnithe. I ndiaidh próiseas soláthair rathúil, ceapadh PricewaterhouseCoopers mar Iniúcháirí Inmheánacha ar feadh tréimhse tosaigh trí bliana ó mhí na Nollag 2012.

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh um rialú airgeadais bunaithe ar obair an lucht bainistíochta laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a fhorbraíonn agus a chothaíonn an creatlach rialaithe airgeadais, ar an iniúcháir inmheánach, ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirseoireacht ar an Iniúchadh Inmheánach, agus ar nótaí trácha ón Iniúcháir Seachtrach ina litir bainistíochta.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBainistíocht ar éifeachtúlacht an chórais rialála airgeadais. I dirmheánaí sa bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2012. Cuireadh an t-athbhreithniú seo os comhair an Choiste Iniúchta a mhol don Bhord é.

Michéal O'Coileáin
Cathaoirleach
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

8ú Aibreán 2013

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas

Athbhreithniú Oibriúcháin

Ba bhliain an-rathúil eile í 2012 do Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. Léiríodh feabhas i dtorthaí 2012 i bpríomhtháscairí feidhmíochta um airgeadas oibriúcháin agus bhí an Brabús Oibriúcháin giota maith chun cinn ón méid a tuairiscíodh in 2011. Faoi mar a sonraíodh i ráiteas an Chathaoirligh bhí an tréchur tonnáiste níos mó ná 10m tona arb ionann é sin agus fás bliain le bliain de 2.0%. Dá réir sin, tá an tréchur SFPC ar ais ag na leibhéil chéanna a chonacthas go deireanach in 2008 ag léiriú go bhfuil an geilleagar níos láidre ná mar a chreidimid go ginearálta. Agus é seo á scríobh níl na figiúirí OTN ar fáil ach tá sé á thabhairt le tuiscint ag tráchtairí anois gur fhás an geilleagar thart ar 2% OTN, ag léiriú go bhfuil Éire ar cheann de na gníomhairí is fearr arís i Limistéar an Euro. Go sonrach, cé nár raibh ach fás 0.6% ar allmhairí, arb ionann é agus an cion is mó den tréchur tonnáiste SFPC, le linn 2012, léirítear go raibh ár bhfeidhmíocht tonnáiste measartha láidir nuair a rinneadh é a thagarmharcáil i gcoinne na gníomhaíochta náisiúnta.

Baineann na príomhspreagthaigh a bhí mar bhonn agus thaca ag ár bhfeidhmíocht tonnáiste 2012 leis na hearnálacha talmhaíochta agus fuinnimh. Bhí iarmhairt dhearfach ag drochaimsir 2010 a raibh bunús maith leis agus bhí allmhairí bia ainmhithe go háirithe láidir le linn cheathrú 4. Mar an gcéanna, bhí iarmhairt an-dearfach ag an athstruchtúrú leanúnach sa mhargadh leithdháilte breoslaí baile chomh maith. I gcomhthéacs giniúna fuinnimh leanann gaolmhaireachtaí praghais ar mhargáí tráchtearraí domhanda ag gluaiseacht i dtreo fhabhrach ag neartú allmhairí tonnáiste mar a rinne an iompórtáil d'fhardail straitéiseacha a rinne an Ghníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta ag a saoráid stórála domhainmhara straitéiseach náisiúnta 140 míle tona ar Oileán Thairbirt a coimisiúnaíodh le gairid. Is iad na táscairí nuair a scríobhadh é seo gur chobhsaigh an earnáil infheistíochta le linn 2012, ach níl mórán gníomhaíochta san earnáil tógála faoi láthair agus dá bhrí sin tá na trádálacha builc agus briste builc le haghaidh na hearnála sin ag tearcfheidhmiú fós.

Maidir leis an airgeadas, thaifead an SFPC feidhmíocht airgeadais an-láidir agus cé nach raibh athrú ar bith ar an láimhdeachas ag €10.1m, mhéadaigh an brabús oibriúcháin go dtí os cionn €3m (2011:€2.9m) den chéad uair riamh a léiríonn méadú bliain ar bhliain de 6.6%. Ag cur san áireamh gur mhair an láimhdeachas sin ina stad bhí an méadú sin sa bhrabúsacht spreagtha ag éifeachtúlacht mhéadaithe sa ghnó arna léiriú ag an méadú sa chorrach oibriúcháin go dtí 30.2% (2011: 28.2%). Tagann an méadú sin sa chorrach ónár bhfócas leanúnach ar uasmhéadú ioncaim agus rialú costas agus léiríonn sé méadú faoi chúig sa chorrach i gcomparáid le leibhéal 2006. Ag €7m (2011: €7.3m) go stairiúil tá costais oibriúcháin agus riaracháin ag a leibhéal is ísle agus ag na paraiméadair reatha tréchuir agus oibriúcháin, creidimid go gcothromóidh na leibhéal fíorchostais. Creidimid go bhfuil go leor acmhainní againn anois chun seirbhísí éifeachtacha iomaíochta a chur ar fáil dár gcustaiméirí ach maidir le staid iomaíoch an phoirt go ginearálta, tá roinnt réimsí seirbhíse neamhdhírí áirithe nach bhfuil iomaíoch fós nuair a dhéantar iad a thagarmharcáil i gcoinne piarphort agus tá sé beartaithe againn aghaidh a thabhairt orthu sin sa ghearrthearma.

Cé go bhfuil brabúis láidre bhunlíne á dtuairisciú againn tá oibleagáidí substaintiúla os comhair na Cuideachta i gcomhthéacs dliteanais phinsean, riachtanais seirbhísithe fiachas, a cláir um infheistíocht chaipitiúil agus riachtanais níos troime óna scairshealbhóir i bhfoirm íocaíochtaí díbhinne méadaithe. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go gcoinneoidimid an treocht suas sa bhrabúsacht a tuairiscíodh le blianta beaga anuas d'fhonn na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh amach anseo. Go deimhin i ndiaidh na hoibleagáidí sin a chur san áireamh le linn 2012 ghin an Chuideachta glansreabhadh airgid imeallach de €22 míle go díreach.

Mar a tuairiscíodh roimhe seo leanann ár gClár Comhardaithe ag éirí níos láidre ag léiriú feidhmíocht oibriúcháin fheabhsaithe sna blianta beaga anuas arna léiriú le leibhéal leachtachta agus ghíarála nár gnóthaíodh le fada. Tá riachtanais mhaoiniúcháin shuntasacha sainaitheanta sa chlár um infheistíocht chaipitiúil a bhí mar bhonn lenár Máistirphlean 30 bliain, Fís 2041, a lainseáladh le gairid agus is é an dúshlán dá bhrí sin an saorshreabhadh airgid a mhéadú. Is iad an dá phríomhréimse a úsáidfidimid chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin na méaduithe réamh-mheasta ó fhoinsí ioncaim arna sainaitheint i bhFís 2041 agus trí thogra um maoiniú pinsean a chur isteach, sa ghearrthearma, chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh phinsin.

Creidiúnaithe Fadtéarmacha

Laghaigh an fiachas go €13.3m ón mbuaic in 2008 de €17.6m in ainneoin an chaiteachais infheistíochta shuntasacha de €5.8m a tabhaíodh ó 2008 go dtí seo. Tá an Chuideachta fós tiomanta d'infheistiú ina bonneagar thar an ngearrthearma, an meántearma go dtí an fadtéarma faoi mar atá léirithe ina Máistirphlean, Fís 2041. Lena chois sin, i ngeall ar a feidhmíocht oibriúcháin láidir le blianta beaga anois bhí sí ábalta an treocht um laghdú fiachas arna léiriú ag gearrthearma an-fheabhsaithe de 35% (2011:40%) a choimeád. Maidir le hoibleagáidí pinsean fadtéarmacha, tháinig laghdú de thart ar €1.3m ar an nglan-easnamh i ngeall ar ranníocaíochtaí fostóirí a mhéadaigh go suntasach, feabhas ar feidhmíocht sócmhainní agus athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha. Faoi mar a luadh, táimid ag ullmhú togra maoiniúcháin faoi láthair atá comhsheasmhach leis an gcreat caighdeánach maoiniúcháin úr arna tharraingt anuas ag an mBord Pinsean le linn 2012. Déanfar iarracht sa togra maoiniúcháin sin aghaidh a thabhairt ar an easnamh pinsean thar an bhfadtéarma agus dá réir sin tabharfaimid aghaidh ar na bundliteanais chomh treallúsach agus is féidir faoin gcreat maoiniúcháin. Tá an cur chuige sin riachtanach agus na riachtanais chaipitiúla a sainaitníodh i gClár um Infheistíocht Chaipitiúil na Cuideachta á gcur san áireamh d'fhonn fás gnó amach anseo a chumasú agus éilimh díbhinne na scairshealbhóirí a chomhlíonadh.

Caiteachas Caipitil

Rinne an tAire Leo Varadkar ár Máistirphlean, Fís 2041, a lainseáil an 22 Feabhra 2013. Creidimid go bhfuil an plean seo réadúil, insroichte agus uailmhianach agus tá riachtanais shuntasacha cumais sainaitheanta ann chun fás amach anseo a éascú. Déanfar a lán den chumas sin a chur i bhfeidhm de réir a chéile thar thréimhse an phlean agus spreagfaidh éileamh tonnáiste é. Lena chois sin, tá Fís 2012 dlúth-aillínithe leis an gCreatphlean Comhtháite Straitéiseach (SIPF) i gcomhair Inbhear na Sionainne, ar plean spásúil é atá tacaithe ag na húdaráis phleanála agus chomhshaoil agus ina sainaitnítear roinnt láithreáin domhainmhara úra (20m+) amhail Oileán Fhainge maidir le tionscail a bhaineann leis an muir lena n-áirítear beartlann dhomhain a sholáthar. Táimid ag tnúth le hoibriú leis na scairshealbhóirí go léir i dtreo Fís 2041 a chur i bhfeidhm agus sonraímid go n-áirítear leis forbairt an dá bhonneagair inmheánaigh (maoinithe ag SFPC) amhail soláthar céanna úra agus bonneagar na nascachta seachtraí (maoinithe ag tríú páirtithe). Áirítear leis na tionscadail shuntasacha a sainaitníodh i bhFís 2041 atá le seachadadh sa ghearrthearma go dtí an fadtéarma Inlíonadh an Lamairne Thoir ag Faing a chosnóidh thart ar €12m agus athshonrú líne iarnróid Luimnigh agus Fhainge. Tá an dá thionscadal sin ina n-ábhar maidir le hiarratas ar mhaoiniú faoin nglao tairisceana Ten-t 2013.

Tá an caiteachas caipitiúil a tabhaíodh le linn na bliana mar atá léirithe sna Ráitis Airgeadais.

An Comhshaoil

Tá an Bord agus an lucht bainistíochta tiomanta d'fheabhas leanúnach a chur ar a gcórais bhainistíochta um chomhshaoil, sláinte agus sábháilteachta. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2012 toisc gur ghnóthaigh an Chuideachta an creidiúnú OHSAS 18001 agus gabhaim mo bhuíochas leis an bhfoireann go léir a raibh páirt thábhachtacha acu maidir leis an gcaighdeán sin a ghnóthú. Tacóidh ár rún creidiúnú a ghnóthú maidir leis an gcaighdeán PER Ecoports le linn 2013 leis an gcomhdhlúthú agus comhtháthú leanúnach ar na córais EHS. Le linn 2012 rinneamar infheistíocht shuntasach sa réimse sin agus rinneamar caiteachas suntasach a bhuiséadú in 2013 chun tuilleadh feabhais a chur ar ár n-acmhainní EHS.

An Todhchaí

Faoi mar a luadh, lainseáil an tAire Iompair, Turasoireachta agus Spóirt Fís 2041. Tá Fís 2041 deartha thart ar phríomhréimsí geografacha Inbhear na Sionainne, Phort Fhainge agus Dhugaí Luimnigh. Tá aischuir Chreatphlean Comhtháite na Sionainne curtha san áireamh inti agus tá sí comhsheasmhach leo. Sainaitnítear a lán deiseanna corraitheacha i bhFís 2041 amhail dúbailt réamh-mheasta na trádála bliantúla ó 10m tona inniu go dtí 20m tona faoi 2041. Is spriocanna atá chomh tábhachtach céanna maidir le Fís 2041 iad inrochtaineacht fheabhsaithe don trádáil mar aon le comhtháthú níos fearr de na poirt leis an bhfabraic uirbeach ionas go mbeadh na pobail agus na poirt ábalta oibriú i gcomhréir lena chéile. Beidh a dúshlán féin ag baint leis an bhfás sin sa trádáil agus tá muinín againn go bhfuiltear agus go mbeifear ábalta iad sin a bhainistiú go rathúil. Sainaitnítear na príomhghníomhartha a theastaíonn chun spriocanna dá leithéidí a bhaint amach i bhFís 2041 amhail iad seo a leanas;

- Beart domhain (thart ar dhréacht 20m) a sholáthar ag Faing agus leathnú leanúnach ar an mbonneagar atá ag Faing cheana d'fhonn caipitliú a dhéanamh ar an treocht i gcomhair árthaí níos mó
- Na naoi láithreán birt dhomhain straitéiseacha a chur chun cinn san SIFP maidir le hinfheistíocht a bhaineann leis an muir
- Athshonrú na líne iarnróid ó Luimneach go Faing
- Uasghrádú ar an N69
- Criosú talún a ghnóthú chun leathnú poirt a éascú
- Sócmhainní neamhchrua a éagsúlú ag Luimneach trí ainmniú téamaithe amhail an Pháirc an Fhuinnimh Mhuirí a chur chun cinn
- Beidh úsáid éifeachtúil as sócmhainní reatha ina phríomh-chomhpháirt maidir le straitéis talún amach anseo agus maidir le leathnú bhonneagar an Phoirt a phleanáil
- Feabhas a chur ar chumas amhairc Dhugaí Luimnigh agus Phort Fhainge mar aon le feabhas a chur ar ár gcuidreamh le pobail áitiúla trí thionscnaimh éagsúla um fheasacht an phobail a thabhairt isteach

Agus é faoi threoir an SFPC, teastóidh bainteacht agus tacaíocht scairshealbhóirí i gcomhair chur i bhfeidhm Fhís 2041. Tá muintín againn go bhfuil na scairshealbhóirí go léir chomh spreagtha agus chomh tiomanta céanna ó na comhairliúcháin fhairsinge a rinneadh le linn a ullmhúcháin maidir le cuidiú a thabhairt nuair is féidir le Fís 2041 a chur i bhfeidhm. Tá sé beartaithe go mbeidh Fís 2041 ina phlean dinimiciúil agus éascófar athbhreithnithe tréimhsiúla ionas go bhfabhródh sí ar aon dul le cúinsí a bheidh ag athrú.

In ainneoin na ndeiseanna go léir a sainaitníodh i bhFís 2041 tá roinnt bagairtí ann chomh maith a d'fhéadfadh maolú i gcoinne a chur i bhfeidhm rathúil. Rinneadh breac-chuntas orthu sin i dtuarascálacha bliantúla roimhe sin agus áirítear iad seo a leanas orthu;

- Tá próiseas na hurthrá fós ársa agus neamh-oiriúnach don fheidhm, sonraímid agus fáiltímid roimh an gcomhairliúchán reatha a thionscain rannán na hurthrá ach tá an dul chun cinn maidir leis an gcóras a nuachóiriú i bhfad rómhall agus tá fianaise láidir ann go bhfuil infheistíocht shubstaintiúil á cailleadh ag Ireland Inc mar thoradh air sin. Ba é an aidhm an t-am seo anuraidh go mbeadh Bille um Urthrá ag an dréachtchéim in 2012.
- Ainmniú pSPA Inbhear na Sionainne. Tá an chuma ann go bhfuil an próiseas athbhreithnithe maidir leis an ainmniú seo, ar chuir an SFPC ina choinne, loicthe. Ag cur san áireamh impleachtaí an ainmnithe seo tá tuarascáil déanta againn ina léirítear go bhfuil cineálacha malartacha cur chuige ann atá comhsheasmhach le Treoracha Natura ach, go tábhachtach, a chumasaíonn forbairt a chur i bhfeidhm amach anseo. Maimid arís go mbreathnódh an tAire ábhartha, an NPWS agus oifigigh na Roinne ar an tuarascáil seo agus go sonródh siad gur glacadh go forleathan leis an modheolaíocht a mholtar inti in áiteanna eile in Éirinn, an Ríocht Aontaithe agus san Eoraip.
- Oireann Inbhear na Sionainne go sonrach do thionscadail mhórscála a bhaineann le fuinneamh. Go deimhin aithníonn an SIFP an fhíríc sin faoina théama forbartha fuinnimh atá bunaithe ar acmhainneacht domhainmhara an Inbhir agus bonneagar greille thaobh an chladaigh atá ann cheana. Is cosúil go mbeidh na cineálacha tionscadal fuinnimh atá beartaithe faoi Fhís 2041 agus an SIFP faoi réir próiseas rialála CER. Dá réir sin, i ngeall ar thábhacht dhóchúil réigiúnach agus náisiúnta na dtionscadal sin ba cheart go

mbeadh próiseas toilithe an CER chomh trédhearcach, éifeachtúil agus cairdiúil d'infheisteoirí agus is féidir. Cosnaíonn próiseas neamhéifeachtach am, airgead agus méadaíonn sé an riosca go do-athraitheach nach rachaidh tionscadal chun cinn. Iarrimid faoi seach go ndéanann na rialtóirí athbhreithniú ar a gcórais agus iad a thagarmharcáil i gcoinne an chleachtais idirnáisiúnta is fearr d'fhonn feabhas a chur ar staid iomaíoch Ireland Inc sa spás infheistíochta díri coigríche.

Ar deireadh, i ngeall gur chuir an rialtas margaí athstruchtúraithe i gcrích maidir le fiachas na tíre agus go bhfuiltear ag súil go mbeidh gníomhaíocht an gheilleagair i measc na gníomhaíochta is fearr i Limistéar an Euro le haghaidh 2013, ba cheart go scaipfeadh na glaonna leanúnacha ar dhéine agus chuirfeadh sé sin muinín arís sa gheilleagar baile. Tá sé ar chumas an SFPC anois tairbhe a bhaint as athbheochan eacnamaíoch agus tá treochar soiléir leagtha amach aige maidir le fás i bhFís 2041 tríd an acmhainneacht a thugann buntáiste domhainmhara Inbhear na Sionainne a réadú. Táimid chomh tiomanta céanna do sheirbhísí ar phraghsanna iomaíocha a chur ar fáil dár gcustaiméirí i ngach réimse de na hoibríochtaí poirt agus leanfaimid d'aghaidh a thabhairt ar na réimsí sin nach bhfuil iomaíoch fós in 2013.

Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcuid fostaithe uile as an obair chrua a rinne siad agus as an díograis a léirigh siad le linn na bliana. Is mór againn gach a ndearna siad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus na Stiúrthóirí as cúnamh agus treoir a thabhairt domsa agus don fhoireann bhainistíochta le linn na bliana. Táim buíoch freisin d'fhoireann na Rannóige Iompair Muirí, ar cuid den Roinn Iompair Í, as an gcabhair a thug siad dom i rith na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcuid custaiméirí as a gcuid tacaíochta le linn na bliana. Tá súil agam go leanfaidh siad den tacaíocht chéanna sna blianta atá amach romhainn.

P. ó'Céitinn
Príomhfheidhmeannach
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

8ú Aibreán 2013

Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge **(Comhlacht faoi theorainn scaireanna) agus fochuideachta gnóthas**

Tuairisc Neamhspleach an Iniúcháir

Tuairisc neamhspleach an iniúcháir do baill Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (Comhlacht cuideachta faoi theorainn scaireanna) agus a fochuideachta gnóthas.

Tá iniúchain déanta againn ar na Ráitéis Airgeadais do Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge Teoranta don bliain dár gcríoch 31 Nollag 2012 ar leathanachaí 19 go dtí 38 atá ullmhaithe faoi an comhdháil costas stairiúil agus an polasaí cuntasáíochta atá leagtha amach ar leathanachaí 17 go dtí 18.

Dualgasáí na Stiúrthóirí agus Iniúcháirí faoi seach

Mar atá ráite i Dualgasáí Ráitís na Stiúrthóirí ar leathanach 3 tá stiúrthóirí na comhlachta freagrach as ucht ullmhúcháin na Ráitís Airgeadais i gcomhréireacht an dlí cóir agus caighdeán cuntasáíochta na hÉireann.

Sé ár ndualgas ná iniúcháin a dhéanadh ar na ráitéis airgeadais i gcomhréireacht leis an dlí cóir agus na riachtanasaí agus caighdeán cúí iniúcháin at leagtha síos ag an mBord Iniúcháin Cleachtaí i nÉireann agus Sasana.

Tá an tuairisc seo déanta do scairsealbhóirí an chomhacht amháin, mar aon le Rannóg 193 do Acht na Comhlachtaí, 1990. Tá an obair iniúcháin déanta sa chaoi gur féidir linn ríocht a thabhairt do scairsealbhóirí na comhlachta na h-abhair ina bhfuil gá dúinn ríocht a thabhairt ar an tuairisc iniúchoir agus ní le aon cúis eile. Go ceann scríbe an dlí, níl muid freagracht do aon duine ach amháin an comhlacht agus scairsealbhóirí an chomhacht mar aonad, as ár n-obair iniúchoireachta, don tuairisc seo, no aon barúil atá cruthaigh againn.

